



Seirbhís Thithe an Oireachtais Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní, 2022

21 Nollaig 2022



Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas

RÉAMHÁ

Cuireann sé áthas orm an chéad tuarascáil ar an mbearna phá idir na hinscní a chur i láthair thar ceann Sheirbhís Thithe an Oireachtais [An tSeirbhís].

Roghnaigh an tSeirbhís an 29 Meitheamh 2022 ina dáta roghbhlúire. Is é -3.56% an mheánbhearna phá idir na hinscní don tréimhse idir an 30 Meitheamh 2021 agus an 29 Meitheamh 2022 agus is é -5.62% an bhearna phá mheánach idir na hinscní don tréimhse chéanna. Is ionann an bhearna phá agus an difríocht idir meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire ar fud an fhórsa oibre. Áirítear air seo bunphá, liúntais agus íocaíocht ragoibre.

Is í an tSeirbhís an comhlacht Seirbhíse Poiblí (baill foirne státseirbhíse agus stáit) a chuireann seirbhísí riaracháin ar fáil do Thithe an Oireachtais agus dá gComhaltaí. Is é ról na Seirbhíse comhairle, seirbhísí, tacaíochtaí agus áiseanna gairmiúla a chur ar fáil do phobal uile na parlaiminte.

Tá Seirbhís Thithe an Oireachtais tiomanta go mór do chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn. Is é an misean atá again:

“a bheith inár seirbhís pharlaiminteach nuálach shofhreagrach a thacódh go bródúil le Tithe an Oireachtais le feidhmeanna bunreachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach, a thacódh le comhaltaí ina gcáil mar pharlaiminteoirí agus ionadaithe na ndaoine, agus a dhéanfadh Parlaimint inrochtana tiomanta a chur chun cinn.”

Tá luachanna na Seirbhíse bunaithe ar:

- Neamhchlaontacht
- Cuntasacht
- Comhghleacaíocht
- Nuálaíocht

- Béim ar Dhaoine, agus
- Ionchuimsitheacht.

Tá tuiscint i gcroílár phlean straitéiseach reatha na Seirbhíse gurb ionann na daoine i bpobal na parlaiminte agus an buntáiste is mó atá againn. Is iontach an taithí agus an stór eolais atá ag foireann Sheirbhís Thithe an Oireachtais (baill foirne státseirbhíse agus stáit) go háirithe, agus is iadsan is mó a thacaíonn le parlaimint éifeachtach a chur ar fáil.

I gcaitheamh na chéad chúpla bliain eile, leanfaimid de roinnt tionscnamh a chur chun cinn d'fhonn éagsúlacht agus ionchuimsitheacht an Seirbhís Thithe an Oireachtais a fheabhsú ionas go mbeadh sé i gcónaí ina ionad oibre a mbeadh tóir ag fostaithe air. Leanfaimid, go háirithe, de mhonatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar ionadaíocht inscne Thithe an Oireachtais agus dea-chleachtais a chur i bhfeidhm i ndáil le próisis earcaíochta agus roghnúcháin.



Peadar Ó Fionnagáin

Peadar Ó Fionnagáin

Cléireach Dháil Éireann agus an tArd-Rúnaí

Clár

RÉAMHÁ	1
CÉARD IS BEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ ANN?	4
LÉARGAS AR ANAILÍS SHEIRBHÍS AN OIREACHTAIS AR AN MBEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ	4
CONAS A RÍOMHADH AN MHEÁNBHEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ?	5
CONAS A RÍOMHADH AN BHEARNA PHÁ AIRMHEÁNACH IDIR NA HINSCNÍ?	5
CONAS A RÍOMHADH NA SONRAÍ	5
CÚISEANNA LEIS AN MBEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ	7
TIONSCNAIMH REATHA CHUN COTHROMAS INSCNE A CHUR CHUN CINN	7
PLEAN IONCHUIMSITHEACHTA SHEIRBHÍS THITHE AN OIREACHTAIS	8
CONCLÚID	10

CÉARD IS BEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ ANN?

Tháinig an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 agus Rialacháin um an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Alt 20A) (Faisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní), 2022 (I.R. Uimh. 264 de 2022) i bhfeidhm ar an 31 Bealtaine 2022. Leis an Acht agus na Rialacháin, bunaíodh an bunús reachtach i dtaca le tuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní in Éirinn.

Cé go n-aithnítear go bhfuil pá comhionann i gceist leis an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí mar fhostóir, is ceist éagsúil, ach ceist cheangailte, í an bhearna phá idir na hinscní. Is ionann an bhearna phá agus an difríocht idir meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire ar fud an fhórsa oibre. Áirítear air seo bunphá, liúntais agus íocaíocht ragoibre. Tugann bearna phá idir na hinscní atá dearfach le fios go bhfuil mná, ar an meán ar fud an phobail fostaithe, in áit is lú fabhar ná mar atá fir. Sa chás go bhfuil an bhearna phá idir na hinscní diúltach, tugann sé sin le fios gurb iad na fir, ar an meán, atá in áit is lú fabhar ná mar atá mná.

LÉARGAS AR ANAILÍS SHEIRBHÍS AN OIREACHTAIS AR AN MBEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ

Is é seo an chéad anailís atá déanta ag Seirbhís Thithe an Oireachtais ar an mbearna phá idir na hinscní. Tá an anailís agus próifíl ar an mbearna phá idir na hinscní bunaithe ar ghnáthphá bliantúlaithe fhoireann Sheirbhís Thithe an Oireachtais ón 30 Meitheamh 2021 go dtí an 29 Meitheamh 2022. Léirítear sa tuarascáil gurb é -3.56% an mheánbhearna phá agus gurb é -5.62% an bhearna mheánach.

Seirbhís Thithe an Oireachtais	Meán	Airmheánach
Bearna phá idir na hinscní	-3.56%	-5.62%


CONAS A RÍOMHADH AN MHEÁNBHEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ?

Ríomhadh an meánbhearna phá (meán) idir na hinscní trí gach tuarastal ábhartha a athrú go ráta in aghaidh na huaire agus iad a shuimiú d'fhir agus do mhná faoi seach. Rinneadh an difríocht idir an meánphá do chomhaltaí foirne fireanna agus baineanna a ríomh agus a chur in iúl mar chéatadán de phá na bhfear.

CONAS A RÍOMHADH AN BHEARNA PHÁ AIRMHEÁNACH IDIR NA HINSCNÍ?

Ríomhadh an bhearna phá airmheánach idir na hinscní trí gach tuarastal fireann agus baineann a athrú go rátaí in aghaidh na huaire agus liostú ón líon is airde go dtí an tuarastal is ísle a íocadh faoi seach. Léiríodh an difríocht idir an meánráta in aghaidh na huaire d'fhir agus do mhná mar chéatadán de phá airmheánach na bhfear.

CÉATADÁN NA BHFIREANNACH AGUS NA MBAN DE RÉIR CEATHAIRÍL




Ríomhadh pá in aghaidh na ceathairíle mar chéatadán na bhfostaithe fireanna agus baineanna i gceithre ghrúpa fostaithe de mhéid chomhionann bunaithe ar a bpá in aghaidh na huaire.

CONAS A RÍOMHADH NA SONRAÍ

An 29 Meitheamh 2022 bhí 604 ball foirne lánaimseartha fostaithe ag Seirbhís Thithe an Oireachtais (baill foirne státseirbhíse agus stáit). Ní raibh sonraí inscne fhoireann na Seirbhíse curtha in iúl ar aon cheann dár gcórais sular ullmhaíodh an tuarascáil

seo. De bharr ullmhú na tuarascála, tugadh deis don tSeirbhís cuireadh a thabhairt do na baill foirne státseirbhíse agus tionsclaíocha stáit go léir an rogha inscne atá acu a chur in iúl.

Idir an 14 agus an 21 Samhain 2022, tugadh cuireadh do na baill foirne ábhartha ar fad an rogha inscne atá acu a chur in iúl ar bhonn rúnda dá dtoil féin. Thug 329 ball foirne lánaimseartha freagra ar an iarraidh sin agus chuir siad an rogha inscne atá acu in iúl. As na 604 freagra ar fad ó bhaill foirne, is mar seo a leanas an miondealú a bhí i gceist:



I dtuarascáil seo na bliana 2022 ar an mbearna phá idir na hinscní, táimid ag foilsiú staidrimh i ndáil le 327 ball foirne lánaimseartha, 149 ball foirne ar mná iad agus 178 ball foirne ar fir iad.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, ní raibh bó nais ná sochair chomhchineáil á bhfáil ag duine ar bith de na 327 ball foirne arbh fhir nó mná iad.

Mar gheall ar na sonraí teoranta a bhí ar fáil maidir le próifíl bhaill foirne páirteimeartha na Seirbhíse agus próifíl na mball ar chonarthaí sealadacha, nílimid in ann tuairisc a thabhairt i leith na mball foirne sin ag an tráth seo.

Tá ocht comhalta ar Bhord Bainistíochta na Seirbhíse le 5 fear agus 3 bean air.



CÚISEANNA LEIS AN MBEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ

- Bíonn comhghaol láidir, ag aon am ar leith, idir próifíl pá na n-inscní agus uainiú agus tionchar ghluaiseacht na foirne de réir fhostú ball nua, aistrithe inmheánacha, arduithe céime, gluaiseachtaí agus daoine ag dul ar scor. Bíonn tionchar ag na nithe sin ar phróifíl pá na n-inscní i gcónaí freisin.
- Mar gurb é seo an chéad tuarascáil dá chineál atá againn, níl sonraí stairiúla againn chun comparáid a dhéanamh ina gcoinne. Tá sé i gceist againn cur leis na sonraí seo chun críocha comparáide do thuarascálacha amach anseo. Bailíodh na sonraí atá againn ar inscní de thoil na mball foirne, agus mar sin níl an fhaisnéis ina léiriú uileghabhálach ar fhórsa oibre foriomlán na státseirbhíse ná ar fhórsa oibre tionsclaíoch foriomlán an stáit. Mar sin féin, de bharr gurbh é 327 méid an tsampla as 604 ball foirne san iomlán, is é tuairim is 95% an leibhéal muiníne atá againn sna torthaí, agus 4% an lamháil earráide atá i gceist.

TIONSCNAIMH REATHA CHUN COTHROMAS INSCNE A CHUR CHUN CINN

Tá roinnt tionscnamh curtha i bhfeidhm againn le blianta beaga anuas chun tacú le cothromas inscne bhaill foirne na Seirbhíse:

- I mí Márta 2020, ceapadh an chéad Oifigeach Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta don tSeirbhís
- I mí Márta 2021, foilsíodh céad Straitéis na Seirbhíse maidir le Sláinte, Folláine agus Ionchuimsitheacht (2021-2023)
- Bunaíodh Fóram maidir le Parlaimint Ionchuimsitheachta a Thacaíonn le Teaghlaigh i mí Márta 2021. D'fhoilsigh an Fóram tuarascáil ina raibh 51 moladh chun timpeallacht oibre níos ionchuimsithí i bpobal na parlaiminte a thacódh le teaghlaigh a chothú agus chun tacú leis an gcineál timpeallachta sin
- I mí Bealtaine 2022, thugamar faoin ár gcéad suirbhé comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta ar fud phobal na parlaiminte ar fad
- Sheolamar céad Pholasaí Oibre Cumaisc na Seirbhíse i mí Iúil 2022
- I mí Iúil 2022, leathadh amach oiliúint maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine, arna leagan amach ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, do na baill foirne ar fad
- Le trí bliana anuas, tacaíodh le 174 ball foirne chun tabhairt faoi cháilíochtaí breise, a raibh cáilíocht oideachais dara leibhéal nó tríú leibhéal, cáilíocht ghairmiúil nó ghairme, nó cáilíocht i dteanga seachas Béarla (lena n-áirítear teanga chomharthaíochta) mar thoradh na hoibre sin
- Tá roinnt líonraí inmheánacha bunaithe againn, lena n-áirítear Líonra na bPríomhoifigeach, Líonra na bPríomhoifigeach Cúnta, an Líonra LADTI+ agus an Grúpa Sláinte agus Folláine. Is féidir le baill foirne ar mná iad dul isteach i Líonra Ban na Státseirbhíse dá dtoil féin freisin.

PLEAN IONCHUIMSITHEACHTA SHEIRBHÍS THITHE AN OIREACHTAIS

Bearta Sonracha maidir le Comhionannas Inscne

- Tabharfaimid faoi iniúchadh a bheidh íogair ó thaobh inscne ar phobal uile na parlaiminte

- Déanfaimid ár ndícheall líon na mball foirne státseirbhíse agus na mball foirne tionsclaíoch stáit a áirítear sa tuarascáil ar an mbearna phá idir na hinscní a mhéadú trí bhaill foirne a spreagadh leis an bhféiniúlacht inscne atá acu a chur in iúl

- Déanfaimid tuairisciú ar mhiondealú inscne ár mball foirne státseirbhíse agus ár mball foirne tionsclaíoch stáit trí phlean acmhainne bliantúil na Seirbhíse

Ina theannta sin, leanfaimid de dhul chun a dhéanamh i dtreo ionadaíocht na mball foirne ar fad san eagraíocht a fheabhsú, tríd an gclár oibre níos leithne atá againn i ndáil le hionchuimsitheacht. Sa bhliain 2023, tá sé beartaithe againn:

- an chéad straitéis comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta do phobal uile na parlaiminte a fhorbairt
- leathadh amach agus cur i bhfeidhm an Pholasaí Oibre Cumaisc a chur ar aghaidh agus rath an Pholasaí a mheas
- plean a fhorbairt chun na moltaí ó thuarascáil an Fhórait maidir le Parlaimint Ionchuimsitheacha a Thacaíonn le Teaghlaigh a chur i bhfeidhm
- oiliúint sonracha maidir le hÉagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a fhorbairt agus í a rolladh amach do na baill foirne.

CONCLÚID

Trí na tionscnaimh atá beartaithe againn, leanfaidh Seirbhís Thithe an Oireachtais de bheith ina fostóir a bhfuil an-tóir ag fostaithe air agus de raon ilchineálach daoine cumasacha a mhealladh chun bheith ag obair san eagraíocht. Oibreoimid i dtreo Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Comhionannas Inscne do mhná a bhaint amach. Leanfaimid dár ndícheall a dhéanamh na ceanglais atá orainn faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, faoi Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030, 'Ár mBuanna a Fhorbairt' agus Ár Seirbhís Phoiblí 2020, go háirithe Gníomh 16: Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn.





Tithe an Oireachtais

Teach Laighean
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
Do2 XR20

www.oireachtas.ie

Guthán: +353 (0)1 6183000

Twitter: @OireachtasNews

Déan ceangal linn



Íoslódáil an Aip

